An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Monatóir Athstruchtúrú na hEorpa – foinse sonraí uile Eorpach uathúil

## **bileog** faisnéise

*'Féadfaidh athstruchtúrú buntaca a thabhairt do dhul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta – má déantar réamh-mheas cuí ar na hathruithe struchtúracha amháin, más féidir leis na fiontair lena mbaineann glacadh le bearta ceartaitheacha agus bainistiú gasta agus éifeachtach a dhéanamh ar an athrú riachtanach, agus má chabhraíonn na húdaráis phoiblí chun na coinníollacha cearta a chruthú'*

*An Clár Oibre Sóisialta 27 - Ag Dul in Oiriúint d'Athrú - Cur chuige an AE i ndáil le hathstruchtúrú [Social Agenda 27 – Adapting to Change – The EU approach to restructuring], An Coimisiún Eorpach, 20.6.2011*




## CAD é an comhthéacs?

Ní feiniméan nua é an t-athstruchtúrú. Tá sé i gcónaí riamh ina chuid den ghnáth-thimthriall gnó, sa chaoi nach mór d'fhiontair iad féin a oiriúnú chun a gcuid iomaíochais a choinneáil. Is minic a fheictear an t-athstruchtúrú mar fheiniméan diúltach a bhfuil tionchair mhillteacha aige ar fhostaíocht nó ar dhálaí oibre, mar aon leis an ngeilleagar áitiúil agus réigiúnach. Má láimhseáiltear athstruchtúrú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, áfach, féadann sé infhostaitheacht oibrithe a chaomhnú agus cabhrú leo athrú go poist eile ar chaighdeán coibhéiseach nuair nach féidir leo a bpoist bhunaidh a choinneáil.

Sonraíonn an tionscnamh suaitheanta 'Beartas tionsclaíoch don ré domhanda', cuid den straitéis 'Eoraip 2020', go n-oibreoidh an Coimisiún Eorpach 'chun athstruchtúrú na n-earnálacha i ngátar i dtreo gníomhaíochtaí atá dírithe ar an todhchaí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí scileanna a ath-imlonnú go gasta go hearnálacha agus go margaí fáis aird atá ag teacht chun cinn' agus beidh ar Bhallstáit 'oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara in earnálacha éagsúla [...] chun scrogaill a shainaithint agus anailís roinnte a fhorbairt maidir le conas bonn tionsclaíoch agus eolais láidir a choinneáil'. D'fhéadfadh Monatóir Athstruchtúrú na hEorpa (ERM), arb ionann é, go dtí seo, agus an t-aon foinse faisnéise uile AE ar athstruchtúrú cuideachtaí a sholáthraíonn forbhreathnuithe sonraí chomh maith le faisnéis faoi thacaíocht náisiúnta phoiblí le haghaidh athstruchtúraithe, tacú leis an dá cheann.

## CÉN FÁTH an ionstraim seo?

In ainneoin impleachtaí móra an athstruchtúraithe don fhostaíocht, sular seoladh an ERM ba bheag iarrachtaí córasacha a ndearnadh chun measúnacht a dhéanamh ar chineál agus ar scála na ngníomhaíochtaí athstruchtúraithe agus a gcuid tionchar ar fud an AE. I gcomhthéacs gan suirbhéanna cuimsitheacha uile-Eorpacha ar athstruchtúrú cuideachtaí, glactar leis an ERM mar rogha mhalartach bhailí agus go dtí seo is é an réiteach is fearr agus an réiteach amháin atá ann chun an bhearna seo a líonadh. Cé go bhfuil an ERM táscach in ionad a bheith ionadaíoch i ndáil le méid an athstruchtúraithe agus a thionchair ar fhostaíocht, aithníonn sé treochtaí leathana agus soláthraíonn sé faisnéis luachmhar chun anailís cháilíochtúil a dhéanamh níos déanaí.

Ar bhonn chomhchosúil, cuirtear samplaí léiritheacha d'ionstraimí tacaíochta náisiúnta do chuideachtaí agus d'oibrithe san athstruchtúrú le chéile chun forbhreathnú a sholáthar ar fhéidearthachtaí difriúla agus malartú smaointe. Cé go bhfuil srianta soiléire ar an gcleachtadh seo agus cé nach bhfuil na caidrimh idir athstruchtúrú agus fhostaíocht éasca ná soiléir, go háirithe i gcomhthéacs an chúlaithe gheilleagraigh dhomhanda le déanaí, ba fhoinse luachmhar faisnéise é an ERM do dhéantóirí beartais Eorpacha agus iad ag iarraidh fairsinge an athstruchtúraithe a bhí ar siúl i gcuideachtaí ar fud na hEorpa a thomhas.

## CAD é an ERM?

Is é cuspóir an ERM monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí athstruchtúraithe sna 27 Ballstát de chuid an AE agus san Iorua. Tomhaistear tionchar fostaíochta na n-imeachtaí athstruchtúraithe ar bhonn fógraí tuairiscithe i bpreas laethúil agus gnó gach Ballstáit ó 2002 i leith. Ní sholáthraíonn an ERM léargas iomlán, cuimsitheach ar chruthú agus ar dhíothú post san Eoraip ach in ionad sin, clúdaíonn sé ollphróisis athstruchtúraithe fógartha. Eascraíonn




sreabha suntasacha díothaithe agus cruthaithe post i dtír ar leith as díothú agus cruthú post ar scála beag. Mar sin féin, tá próisis mhórscála thar a bheith tábhachtach, mar féadann siad a bheith ina gcúis le tionchair iarmharta tábhachtacha i réimse ar leith, féadann siad dúshláin mhóra a thabhairt don chomhtháthú sóisialta agus féadann comhghníomhaíocht éifeachtúil a bheith ag teastáil chun déileáil leo. I dteannta sin, toisc go dtuairiscítear faisnéis ar athstruchtúrú cuideachtaí don ERM tréimhse fhada sula laghdaítear an fórsa oibre, cuireann an ERM ar chumas na ngníomhairí uile atá páirteach sa phróiseas um athrú a réamh mheas agus a bhainistiú earnálacha agus tíortha a aithint ar dhócha go mbeidh pas d'athstruchtúrú tromchúiseach ar siúl iontu ar bhonn gearrthéarmach agus meántéarmach.

Agus é ag bailiú sonraí tuairisciúla agus cainníochtúla bunúsacha ar eachtraí athstruchtúraithe aonair, ó 2011 i leith soláthraíonn an ERM bailiúchán léiritheach, neamh-chuimsitheach d'ionstraimí náisiúnta tacaíochta poiblí freisin a bhfuil sé mar aidhm leo cuidiú le cuideachtaí agus le hoibrithe lena mbaineann athstruchtúrú a réamh-mheas agus a bhainistiú go tairbheach. An cuspóir atá ann ná an lucht déanta beartais agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoi na cineálacha ionstraimí atá ar fáil agus a d'fhéadfaí a phríomhshruthú nó a úsáid d'fhoghlaim bheartais.

## Cad iad na hASCHUIR?

Is éasca teacht ar aschuir an ERM agus iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin Eurofound:

- Bunachar sonraí inchuardaithe de chásanna athstruchtúraithe curtha i láthair i bhformáid chaighdeánaithe – dá ngairtear bileog fíricí – a nuashonraítear gach lá. I ngach bileog fíricí soláthraítear faisnéis ar an gcuideachta, a méid, a suíomh agus earnáil a gníomhaíochta, an cineál athstruchtúraithe, líon na bpost cruthaithe nó caillte a fógraíodh agus an amlíne leagtha amach don chruthú nó don chailliúint sin, agus achoimre ghearr ar na cúiseanna leis an athstruchtúrú. Tá siad bunaithe ar fhógraí d'athstruchtúrú cuideachtaí a fhoilsíonn na meáin chumarsáide náisiúnta. Féadtar cásanna ar leith a chuardach de réir roinnt critéar cuardaigh (m.sh. tír, earnáil, an cineál athstruchtúraithe, dáta fógartha).
- Trí úsáid a bhaint as na sonraí bailithe ag bileoga fíricí an ERM sna trí mhí roimhe sin, déanann an ERM cur síos *gach ráithe* ar mhórthreochtaí Eorpacha maidir le hathstruchtúrú agus na tionchair fhostaíochta. Tugann an *tuairisc ráithiúil* forbhreathnú ar tháscairí ábhartha cosúil le fás san OTI agus an ráta dífhostaíochta, leis na sonraí ERM don ráithe roimhe sin ina ndiaidh. I dteannta sin, tá ailt i ngach eagrán faoi chásanna athstruchtúraithe ar leith nó faoi earnálacha a raibh tionchar tromchúiseach ag athstruchtúrú orthu.
- Soláthraíonn bunachar sonraí an ERM ar ionstraimí tacaíochta le haghaidh athstruchtúraithe faisnéis faoi thréithe, gníomhairí bainteacha, foinsí maoinithe, láidreachtaí, laigí agus torthaí na beart léiritheach arna dtairiscint ag rialtais, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn ar fud na hEorpa chun cuidiú le réamh-mheas agus bainistiú an athstruchtúraithe. Is féidir bearta aonair a chuardach de réir tíre, pas agus cineáil ionstraime, foinse maoinithe agus gníomhairí bainteacha.
- Díríonn tuarascálacha bliantúla an ERM ar ábhar ar leith a léiríonn tosaíochtaí beartais reatha. I dteannta sin, tá achoimre inti ar fhorbairtí san athstruchtúrú le bliain anuas. D a cuid anailíse, baineann sí úsáid fhorleathan as sonraí ón ERM in éineacht le foinsí sonraí eile (m.sh. Suirbhé Lucht Saothair de chuid Eurostat, LFS). Tá achoimre ghairid ar an tuarascáil bhliantúil ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.
- Cuireann tuairiscí anailíseacha comparáideacha faisnéis ar fáil faoi fhorbairtí ag leibhéal AE agus náisiúnta de réir téamaí sonracha (cosúil le hathlonnú easchósta, féimheacht, s.rl.), lena n-áirítear cás-eiseamláirí de chuideachtaí.

## CONAS a oibríonn sé?

Déantar bileoga fíricí an ERM a bhailiú trí mheán líonra comhfhreagraithe a bhailíonn sonraí ar athstruchtúrú cuideachtaí trí athbhreithniú laethúil a dhéanamh ar an sainphreas eacnamaíoch i ngach Ballstát agus san Iorua. Déanann siad taifeadadh ar athstruchtúrú cuideachtaí a théann i bhfeidhm ar thír amháin ar a laghad, a bhfuil cruthú nó díothú 100 post ar a laghad i gceist leis, nó a bhfuil tionchar aige ar 10% ar a laghad den fhórsa oibre ag láithreacha a fhostaíonn breis agus 250 duine. Clúdaíonn bileoga fíricí an ERM cásanna trasnáisiúnta freisin.

## CÁ HÁIT le dul anois?

Beidh forbairt bhreise an ERM dírithe ar na féidearthachtaí leas a bhaint as raon níos leithne d'fhoinsí digiteacha. Lena chois sin, beidh forbairtí amach anseo dírithe ar fheabhsú cáilíochtúil iontrálacha sa bhunachar sonraí d'fhonn clúdach agus cruinneas shonraí an ERM, agus an ghné anailíseach, a threisiú. Ón taobh cáilíochtúil de, is acmhainn thábhachtach é an ERM; d'fhéadfadh sé a bheith ina uirlis fhoinsithe úsáideach maidir le cineálacha athstruchtúraithe a scrúdú, cás staidéir anailíse earnála a dhéanamh ar chleachtais nuálaíocha i ndáil le hathstruchtúrú cuideachtaí, obair leantach fhadtéarmach a dhéanamh ar chásanna athstruchtúraithe, agus i bhfad níos mó.

**Tuilleadh faisnéise:**

Is féidir rochtain a fháil ar an ERM trí mheán láithreáin ghréasáin Eurofound (http://www.eurofound.europa.eu/emcc/) nó trí dul i mbun teagmhála le Sara Riso, Oifigeach Taighde (sri@eurofound.europa.eu) le haghaidh tuilleadh faisnéise ar bhileoga fíricí nó Funda Celikel-Esser (fce@eurofound.europa.eu) le haghaidh faisnéise ar ionstraimí tacaíochta don athstruchtúrú.

Tabhair aird, le do thoil, ar na coinníollacha maidir le húsáid sonraí.

European Foundation for the Improvement of Living and Working Conditions
Wyattville Road, Loughlinstown, Dublin 18, Ireland
Telephone: (+353 1) 204 31 00 Email: information@eurofound.europa.eu
website: www.eurofound.europa.eu

EF/10/17/GA